

Miontuairiscí an Bhoird Iniúcháireachta

Dáta: 10 Deireadh Fómhair 2025

Suíomh: Sráid an Mhéara

Ag an gcruinniú: Seamus McCarthy, ARC&C (Cathaoirleach)

Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta

Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúcháireachta

Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúcháireachta

Shane Carton, Leas-Stiúrthóir, rúnaí gníomhach an Bhoird Iniúcháireachta

Bhí Paul Southern (Leas-Stiúrthóir) i láthair le haghaidh mhíreanna 9, 10, 11, 12 agus 14 den chlár oibre

1. Socrú an chláir oibre

Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

2. Breacadh síos aon choimhlinte leasa

Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh

Comhaontaíodh ar mhiontuairiscí an chruinnithe ar an 4 Iúil 2025 le mionleasuithe agus faomhadh iad dá bhfoilsíú ar inlíon na hOifige agus ar an suíomh gréasáin.

Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Thug an Bord dá aire go bhfuil athbhreithnithe cáilíochta ar na hachoirí reachtacha atá ullmhaithe don bhunachar sonraí curtha i gcrích den chuid is mó. Thug an Bord dá aire freisin go bhfuil nós imeachta d'ullmhú na n-achoirí reachtacha curtha síos lena fhaomhadh i bpáipéar H don chruinniú seo. Tugadh an dá phointe gníomhaíochta chun críche.
- Thug an Bord dá aire go bhfuil an teimpléad d'athbhreithniú cáilíochta na rannpháirtíochta ar Teammate+ tugtha cothrom le dáta chun athbhreithniú ar chatagóirí riosca iniúcháireachta an eintitis a éileamh, agus gur cuireadh an méid sin in iúl do na leas-stiúrthóirí. Dúnadh an pointe gnímh seo.

4. Baol atá ag Teacht Chun Cinn

Níor thug an Bord dá aire aon bhaol nua atá ag teacht chun cinn.

5. Clár iniúcháireachta airgeadais (páipéar A)

Luaigh an Bord an páipéar ina dtuairiscítear an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le trí sprioc iniúcháireachta airgeadais PTF de chuid na hOifige le haghaidh 2025. Ag smaoineamh ar nuashonruithe maidir le stádas na n-iniúchtaí i gCóras Faisnéise na hOifige ó cuireadh an páipéar le chéile,

- Deimhníodh 97% de na cuntais, arna dtomhas de réir an láimhdeachais, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 95%.

- Deimhníodh 68% de na cuntais, arna dtomhas de réir a lín, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 70%.

Tar éis comhphlé, d'iarr an Bord go bhforbrófaí tionscnamh oiliúna chun díriú ar thástáil na n-íocaíochtaí ginearálta agus ar bhainistiú conarthaí.

6. Nuashonrú ar an iniúchóireacht feidhmíochta (páipéar B)

Luaigh an Bord gur foilsíodh 27 caibidil an 30 Meán Fómhair 2025 sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024. Tá 28 tuairisc foilsithe ag an Oifig anois in 2025, líon a sháraíonn an sprioc príomhtháscairí feidhmíochta chun 25 tuairisc a fhoilsiú gach bliain. Thug an Bord dá aire stádas na dtuairiscí speisialta leanúnacha.

Ghabh an Bord buíochas leis an bhfoireann uile as a n-obair chrua agus an méid a chuir siad le foilsiú na Tuarascála ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024 agus na gCuntas Leithreasa 2024.

Thug Stiúrthóir na hIniúchóireachta Feidhmíochta léargas ginearálta don Bhord ar stádas na n-aistriúchán Gaeilge i gcás caibidlí sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024. Tá leagan Gaeilge le haghaidh 23 caibidil curtha ar shuíomh gréasáin na hOifige go dtí seo. Tá coinne leis go mbeidh aistriúcháin ar na ceithre chaibidil atá fágtha curtha ar an suíomh gréasáin as seo go ceann seachtaine.

Comhaontaíodh go mbuailfeadh Stiúrthóir na hIniúchóireachta Feidhmíochta leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste go luath chun aontú ar líon beag ábhar le tuairisciú ar féidir tosú orthu roimh chinneadh an Bhoird Iniúchóireachta maidir le caibidlí don Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2025.

Tar éis comhphlé a dhéanamh, aontaíodh ar roinnt gníomhartha a chur ar aghaidh chuig an Aonad Cáilíochta agus Caighdeán lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le himréiteach na gcuntas leithreasa agus le húsáid Teammate+ le haghaidh iniúchtaí feidhmíochta.

7. Iniúchtaí nua/iniúchtaí deiridh (páipéar C)

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm.

Cuireadh iniúchtaí chuntais deiridh na gcomhlachtaí seo a leanas i gcrích, agus dá bharr sin baineadh ó na táblaí iad.

- An tÚdarás Póilíneachta
- National Asset North Quays DAC
- National Asset Property Management DAC

D'aontaigh an Bord, i gcás cruinnithe amach anseo, nár cheart iniúchtaí féideartha nua i ndáil le billí comhaltaí príobháideacha a áireamh leis an bpáipéar seo. Aontaíodh freisin gur cheart an tráchtairacht i ndáil le Cuntas an Chiste Carbóin a thabhairt cothrom le dáta le tagairt iomchuí do chaibidil 13 den Tuarascáil ar Chuntas na Seirbhísí Poiblí 2024 a chur san áireamh.

8. Nuashonrú ráithiúil an Oireachtais (páipéar D)

Phléigh an Bord an páipéar seo.

9. Cuntas nochtuithe (páipéar E)

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

10. Athbhreithniú ar theorainneacha tarmलगin (páipéar F)

Rinne an Bord an páipéar a phlé inar cuireadh i láthair roghanna le haghaidh socruithe tarmलगin le cur i bhfeidhm ar thimthrialla iniúchta 2025 (i.e. iniúchtaí le cur i gcrích in 2026).

Mheas an Bord cuibhiúlacht na dtairseach láimhdeachais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le tarmलगin, i bhfianaise an bhoilscithe agus an mhéadaithe ar bhuiséid, agus rinne cinneadh na tairseacha a mhéadú do na leas-stiúrthóirí chuig €75 milliún agus do na stiúrthóirí chuig €200 milliún. Fanfaidh gach critéar tarmलगin eile mar an gcéanna.

Aontaíodh sa bhreis air sin gur cheart do na vótaí nua d'imríteach agus deimhniú teacht chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste sa chéad bhliain, gan beann ar an leibhéal láimhdeachais.

11. Athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta do Nochtuithe Cosanta agus Labhairt Amach (páipéar G)

Tugadh faoi deara sa pháipéar nach bhfuarthas aon difríocht shuntasach in athbhreithniú agus comparáid mhionsonraithe idir beartais agus nósanna imeachta na hOifige maidir le nochtuithe, agus an treoraíocht reachtúil a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

D'fháiltigh an Bord roimh thoradh an athbhreithnithe, agus d'aontaigh ar na tograí sa pháipéar, faoi réir athrú amháin, le haghaidh roinnt mionleasuithe ar dhoiciméid i ndáil le cainéil tuairiscithe inmheánacha agus sheachtracha na hOifige. Rinne an Bord moladh go mba cheart deiseanna oiliúna foirne i limistéar na nochtuithe cosanta a chur i dtábhacht ag comhdháil bhliantúil na hOifige i mí na Samhna 2025.

12. Bunachar achoimrí reachtacha (páipéar H)

Thug an Bord dá aire stádas an bhunachair sonraí agus d'fhaomh nós imeachta nua chun achoimrí reachtacha a choinneáil chun dáta.

D'iarr an Bord go n-ullmhófaí páipéar le haghaidh chruinniú mhí na Nollag le tograí le haghaidh séanadh iomchuí maidir le cruinneas na n-achoirí reachtacha agus breithniúchán ar na himpleachtaí don tSaoráil Faisnéise ó chomhroinnt na n-achoirí reachtacha le páirtithe eile.

13. Athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha an Bhoird Iniúcháireachta (páipéar I)

D'aontaigh an Bord nár ghá aon athrú a dhéanamh ar na téarmaí tagartha.

14. An t-eolas is déanaí faoi fhorbairtí idirnáisiúnta san iniúcháireacht airgeadais (páipéar J)

Phléigh an Bord an páipéar seo.

15. Aon ghnó eile

Thug an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta an t-eolas is déanaí ó bhéal maidir leis an bhforbairt ar Ráiteas Straitéise na hOifige 2026-2030. Pléifear an straitéis go mionsonraithe ag cruinniú mhí na Nollag den Bhord Iniúcháireachta.

Beidh an chéad chruinniú eile de chuid an Bhoird Iniúcháireachta ar siúl Dé hAoine, 5 Nollaig 2025.